Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0228 (COD)**

**6115/21**
**ADD 1**

**TRANS 72**
**FIN 107**
**CADREFIN 61**
**POLGEN 22**
**REGIO 18**
**ENER 39**
**TELECOM 59**
**COMPET 98**
**MI 85**
**ECO 24**
**CODEC 186**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. **RÉAMHRÁ**

1. An 6 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh.1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014, mar cheann de na tograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (dá ngairfear CAI anseo feasta). Is é is aidhm don togra bunús dlí don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a bhunú don tréimhse tar éis 2020.

2. I bParlaimint na hEorpa, roghnaíodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar na príomhchoistí comhpháirteacha. Vótáil an dá choiste go comhpháirteach ar an tuarascáil i mí na Samhna 2018 agus daingníodh sa suí iomlánach i mí na Nollag 2018 í. Sa reachtas nua , ceapadh Dominique RIQUET (Renew, FR), Marian-Jean MARINESCU (EPP, RO) agus Henna VIRKKUNEN (EPP, FI) mar chomhrapóirtéirí don togra.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 19 Meán Fómhair 2018.

4. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim an 10 Deireadh Fómhair 2018.

5. Sa Chomhairle, ag eascairt as na pléití a rinneadh ar an leibhéal teicniúil i Meitheal Chairde na hUachtaránachta, tháinig an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 3 Nollaig 2018. Ina dhiaidh sin, bhí caibidlíocht thríthaobhach ann le Parlaimint na hEorpa. Na heilimintí sin a cuireadh idir lúibíní cearnacha i dtéacs an chur chuige ginearálta, fágadh lasmuigh de raon feidhme na caibidlíochta ag an gcéim sin iad, de bhrí gur ghá, i dtús báire, tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal cothrománach, lena n-áirítear treoir pholaitiúil a fháil ón gComhairle Eorpach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2021 go 2027, ionas go mbeadh an Chomhairle in ann a seasamh maidir leis na codanna sin a bhunú.

6. An 13 Márta 2019, thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire tuarascáil ar dhul chun cinn[1], agus dhaingnigh sé an chomhthuiscint, rud a léiríonn staid na himeartha sa chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa mar a bhí ag an gcruinniú tríthaobhach an 7 Márta 2019. Dheimhnigh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an chomhthuiscint sin an 17 Aibreán 2019 trína seasamh ar an gcéad léamh a ghlacadh.

7. Ag eascairt as an gcruinniú a bhí aici an 17 agus an 21 Iúil 2020, d'eisigh an Chomhairle Eorpach treoir pholaitiúil maidir le gach comhad a bhaineann le CAI (cf. 00010/20). Dá bhrí sin, d'fhonn leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, d'ullmhaigh Meitheal Chairde na hUachtaránachta (SCE) sainordú athbhreithnithe[2] a d'fhormheas Coreper an 23 Meán Fómhair 2020.

8. Bhí trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla ann ina dhiaidh sin, an 26 Deireadh Fómhair 2020, an 11 Nollaig 2020 agus an 22 Eanáir 2021.

9. Ag an gcruinniú tríthaobhach deiridh a tionóladh an 11 Márta 2021, thángthas ar chomhaontú sealadach foriomlán idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an sainordú a d'athnuaigh Coreper an 10 Márta 2021 . An 24 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach mar a comhaontaíodh ag an gcruinniú tríthaobhach é.

10. Ag cruinniú comhpháirteach Pharlaimint na hEorpa de choistí TRAN agus ITRE an 15 Aibreán 2021, formhuiníodh an téacs comhréitigh sealadach céanna. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirligh Choistí TRAN agus ITRE litir comhpháirteach dar dáta an 23 Aibreán 2021 chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfaidís don seisiún iomlánach an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir dearbhú dlítheangeolaíoch.

[1] 7207/19, 7207/19 ADD 1 agus 7207/19 COR 1.
[2] 11137/20.

## II. CUSPÓIR

11. Is é is cuspóir foriomlán don Rialachán an bunús dlí do Chlár SCE a bhunú don tréimhse tar éis 2020. Is é is cuspóir ginearálta do SCE na gréasáin thras-Eorpacha i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha a thógáil, a fhorbairt, a nuachóiriú agus a chur i gcrích agus comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, agus na gealltanais fhadtéarmacha maidir le dícharbónú a chur san áireamh, agus méadú a dhéanamh ar iomaíochas Eorpach, fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch, rochtain ar an margadh inmheánach agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh agus béim a chur ar shineirgí idir na hearnálacha iompair, fuinnimh agus digiteacha.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### Comhthéacs an nós imeachta

12. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle caibidlíocht agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### Achoimre ar na príomhshaincheisteanna

13. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

<u>Na forálacha cothrománacha agus na forálacha a bhaineann le hiompar:</u>

14. <u>Dé-úsáid shibhialtach/mhíleata an bhonneagair:</u> Le go mbeifear in ann dé-úsáid shibhialtach/mhíleata a bhaint as bonneagar chroíghréasán nó gréasáin chuimsitheacha TEN-T don chosaint shibhialta, sainítear, sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, na ceanglais incháilitheachta bhreise shonracha a mbeidh feidhm acu maidir le bearta a bhaineann le hoiriúnú an ghréasáin don dé-úsáid shibhialtach/mhíleata.

15. Bearta incháilithe: Chomhaontaigh na comhreachtóirí go leathnófaí na bearta is incháilithe do chistiú chun roinnt tionscadal a chuimsiú lena gcumhdófar, *inter alia*, naisc thrasteorann agus na naisc atá in easnamh a liostaítear i gCuid III den Iarscríbhinn, calafoirt mhuirí agus uiscebhealaí intíre ar an ngréasán cuimsitheach chomh maith le tíortha agus críocha thar lear, d'fhonn nascacht na gcríoch imeallach agus iargúlta a fheabhsú.

16. Rátaí cómhaoinithe (iompar agus fuinneamh): Tá sé aontaithe ag na comhreachtóirí go gcloífear leis an prionsabal go ndéanfar na rátaí cómhaoinithe a dhifreáil idir na cineálacha éagsúla beart, agus é mar chuspóir SCE a bheith dírithe ar na bearta is tábhachtaí, go háirithe maidir le tionscadail trasteorann. Méadaíodh na huasrátaí cómhaoinithe chun tacú le roinnt beart atá dírithe go háirithe ar struchtúir bainistíochta comhtháite, amhail comhfhiontair, chomh maith le sineirgí. Baineann na bearta sin *inter alia* le hidir-inoibritheacht mhuirí, uiscebhealaí intíre agus iarnróid, agus leanfaidh SCE de dhíriú ar bhearta trasteorann. Ina theannta sin, déanfar méid tiomnaithe ó SCE a úsáid chun mórnaisc iarnróid trasteorann atá ar iarraidh idir tíortha comhtháthaithe a chur i gcrích, chun tacú le feidhmiú an Mhargaidh Aonair agus beidh feidhm maidir leis an méid sin, ag rialacha cómhaoinithe an aistrithe ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE.

17. Buiséad SCE: Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh na méideanna buiséid a chomhaontaigh na Ceannairí Stáit agus Rialtais ag an gcruinniú a bhí acu an 17 agus an 21 Iúil 2020. Ina theannta sin, tugadh na forálacha i gcomhréir le forálacha comhfhreagracha Rialachán na bhForálacha Coiteanna a mhéid a bhaineann leis na méideanna arna n-aistriú ón gCiste Comhtháthaithe.

18. Foráil chómhalartachta: Tá sé aontaithe ag na comhreachtóirí go gcuirfear foráil san áireamh lena n-áirithítear go mbeidh rannpháirtíocht chómhalartach ag na heintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas i gcláir choibhéiseacha tríú tíortha atá rannpháirteach i gClár SCE.

19. Athraíodh roinnt forálacha eile mar thoradh ar chur chuige cothrománach na Comhairle maidir le gach comhad a bhaineann le CAI. Baineann siad sin go háirithe le bunú an Chláir in Airteagal 1 le haghaidh na tréimhse 2021-2027, agus leis na forálacha maidir le cistiú carnach agus malartach. Ina theannta sin, chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sna réimsí ábhartha beartais agus chun gur féidir tús a chur leis an gcur chun feidhme amhail ó thús Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, tugadh isteach foráil maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach amhail ón 1 Eanáir 2021.

Forálacha maidir le fuinneamh:

20. Tionscadail trasteorann maidir le fuinneamh inathnuaite: De mheon céatadán áirithe den mhaoiniú a leithdháileadh ar chuspóirí aeráide, mhéadaigh an Chomhairle an méid is féidir a leithdháileadh ar thionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann, agus d'fhoráil sí go bhféadfaí aistriú le haghaidh na coda eile de na cistí leithdháilte sin a dhéanamh chuig an sásra maoinithe inathnuaite, má bhíonn glacadh iarbhír na dtionscadal fuinnimh inathnuaite trasteorann ar chúl ar an margadh.

21. Critéir dhámhachtana agus cláir oibre: D'éiligh an Chomhairle freisin go mbeadh comhsheasmhacht ann le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus critéir dhámhachtana á sainiú, agus d'iarr sí go leagfaí béim ar leith sna cláir oibre ar bhearta lena ndírítear ar an margadh inmheánach fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh, ar leithlisiú fuinnimh a dhíothú agus ar scrogaill idirnaisc leictreachais a dhíothú.

Forálacha digiteacha:

22. Sineirgí idir na bearta: Is é is aidhm don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh na sineirgí a mhéadú idir na bearta a fhaigheann tacaíocht faoin gClár, maidir leis na gníomhaithe socheacnamaíocha i réimse ar leith agus maidir leis an leibhéal cistiúcháin is gá chun bonneagar digiteach a imlonnú. Cé go dtacaítear, sa seasamh ón gComhairle, leis an nascacht is nua-aimseartha do na gníomhaithe socheacnamaíocha, tá sé mar aidhm leis freisin cumhdach cuimsitheach a bhaint amach mórthimpeall orthu, lena n-áirítear i dteaghlaigh, freisin, ós rud é go mbeadh sé neamheacnamaíoch díriú ag céim níos déanaí ar bhearnaí i réimsí a cumhdaíodh cheana.

23. Bonneagar digiteach: D'fhonn a áirithiú go leanfaidh SCE de bheith ag díriú ar chistiú bonneagair, leanfaidh seirbhísí aonair agus feidhmchláir digiteacha, amhail teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte nó intleacht shaorga, de bheith lasmuigh de raon feidhme an Chláir toisc gur féidir aghaidh a thabhairt orthu trí ionstraimí maoiniúcháin eile, amhail an Eoraip Dhigiteach.

24. Comhtháthú críochach: Agus é mar aidhm comhtháthú críochach an Aontais a mhéadú, leagtar béim, sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar iomarcaíocht a chruthú agus, i gcás inarb ann dó cheana, ar iomarcaíocht a sholáthar don bhonneagar cnámh droma lena nasctar na réigiúin, na hoileáin, na tíortha agus na críocha thar lear, trí uiscí críochacha na mBallstát agus trí limistéir eacnamaíocha eisiacha.

I ndáil leis an méid sin, tá sé mar aidhm leis an seasamh ón gComhairle freisin soláthar nasc leoracmhainne teirighiotáin a chomhlánú le hacmhainní ríomhaireachta ardfheidhmíochta na hEorpa.

25. Eintitis incháilithe: Leathnaíodh liosta na n-eintiteas incháilithe freisin chuig comhfhiontair, agus chuig eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear atá comhlachaithe le SCE. Ina theannta sin, tugadh isteach clásal lena gcinnteofar nach mbeidh eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár ná eintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha agus/nó ag náisiúnaigh tríú tíortha agus/nó eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha, incháilithe le haghaidh páirt a ghlacadh sna bearta ar fad, nó i gcuid de na bearta ar chúiseanna slándála a bhfuil údar cuí leo.

## IV. CONCLÚID

26. Leis an seasamh ón gComhairle, cuirtear i dtreis príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

27. Creideann an Chomhairle dá bhrí sin gur léiriú cothrom ar thoradh na caibidlíochta é a seasamh ar an gcéad léamh agus, a luaithe a ghlacfar é, go leanfaidh an Rialachán de ról lárnach a bheith aige maidir leis na gréasáin thras-Eorpacha a thógáil, a fhorbairt, a nuachóiriú agus a thabhairt i gcrích i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha.